


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Gaelscoil Bhaile Munna,
Bóthar Choultraí, Baile Munna
Baile Átha Cliath 9
Uimhir rolla: 20015B

Dáta na cigireachta: 6 Márta 2014



1. Réamhrá

Bunaíodh Gaelscoil Bhaile Munna i 1994. Feidhmíonn an scoil faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta agus is scoil lán-Ghaelach, mheasctha í an scoil. Tá an scoil páirteach sa scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ag am an mheasúnaithe, bhí 186 dalta cláraithe sa scoil. Ar an iomlán, tá leibhéal tinrimh na ndaltaí go maith sa scoil. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tugann an bord bainistíochta an-tacaíocht don fhoireann agus do phobal na scoile chun timpeallacht sona foghlama a chothú do na daltaí.
- Tugann an príomhoide ceannaireacht tuisceanach agus éifeachtach don scoil agus faigheann sé tacaíocht inmholta ó na baill eile den fhoireann bhainistíochta inscoile thar réimse leathan de ghnéithe de shaol na scoile.
- Tá an fhoireann le moladh as caighdeán na múinteoireachta agus as an mbealach comhoibritheach ina noibríonn na baill le chéile.
- Déantar soláthar cuí do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Cuirtear an soláthar seo ar fáil i suímh éagsúla, agus tá an soláthar dírithe ar riachtanais fhoghlama sainiúla,
- Tá atmaisféar dearfach le sonrú tríd an scoil, agus tá na daltaí le moladh as an gcúirtéis a léiríonn siad dá chéile agus do na múinteoirí.
- Tá an caidreamh idir scoil agus baile go han-mhaith agus glacann na tuismitheoirí páirt lárnach i saol na scoile.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Chuirfeadh sé le héifeacht na pleanála gearrthearmaí dá ndéanfaí tagairt níos sainiúla d'idirdhealú agus do mheasúnú inti.
- Chun tógáil ar an obair thairbheach atá déanta ar chlár cuimsitheach a dhearadh chun scileanna labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt sa Ghaeilge, b'fhiú béim sa bhreis a leagan ar chumas na ndaltaí abairtí a struchturú. D'fhéadfaí é seo a chur chun cinn trí anailís a dhéanamh ar na botúin is coitianta a dhéanann siad.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tugann an bord bainistíochta an-tacaíocht don fhoireann agus do phobal na scoile chun timpeallacht sona foghlama a chothú do na daltaí. Tá struchtúr cuí ar chomhdhéanamh an bhoird agus eagraítear cruinnithe an bhoird go rialta. Tá dualgaisí faoi leith ag baill an bhoird agus coimeádtar miontuairiscí ar chruinnithe. Bíonn ról lárnach ag an mbord i bhforbairt polasaithe na scoile.
- Tugann an príomhoide ceannaireacht tuisceanach agus éifeachtach don scoil agus faigheann sé tacaíocht inmholta ó na baill eile den fhoireann bhainistíochta inscoile thar réimse leathan de ghnéithe de shaol na scoile. Comhoibríonn an fhoireann bhainistíochta le chéile go héifeachtach. Comhlíonann na baill a ndualgaisí go coinsiasach thar raon réimsí. Tugtar aird faoi leith ar fhorbairt na bpolasaithe curaclam. Déantar athbhreithniú rialta ar dhualgaisí na foirne bhainistíochta inscoile i dtreo is go mbeadh na dualgaisí sin in oiriúint do thosaíochtaí na scoile.
- Tá an scoil ag feidhmiú i bhfoirgnimh réamhdhéanta agus tá socruithe déanta leis an Roinn chun foirgneamh nua a thógáil go luath. Deantar cúram ceart de bhainistiú acmhainní. Soláthraítear raon áiseanna oiriúnacha chun tacú leis an múinteoireacht agus an bhfoghlaim agus baineann an fhoireann úsáid thairbheach astu le linn ceachtanna. Tá na seomraí ranga eagraithe go breá ag na hoidí agus baintear dea-úsáid as dorchaí na scoile chun samplaí de shaothair na ndaltaí a thaispeáint agus a chéiliúradh.
- Tá caidreamh breá idir an scoil agus na tuismitheoirí. Cothaíonn an scoil páirteachas na dtuismitheoirí in obair na scoile. Glacann cumann na dtuismitheoirí páirt i saol na scoile agus pléadh obair fhéinmheastóireachta na scoile leo. Léiríonn torthaí na gceistneoirí a tugadh do na tuismitheoirí le linn an mheasúnaithe a gcuid sásaimh leis an gcaighdeán oideachais a sholáthraíonn an scoil.
- Déantar bainistíocht inmholta ar iompar na ndaltaí. Tá atmaisféar dearfach le sonrú tríd an scoil, agus tá na daltaí le moladh as an gcúirtéis a léiríonn siad dá chéile agus do na múinteoirí. Is léir go bhfuil dea-eagar ar chursaí riailbhéasa sa scoil agus tá gaol breá le sonrú idir na múinteoirí agus na daltaí. Deir mórchuid de na daltaí go bhfuil ag éirí go maith leo sa léitheoireacht agus sa Mhatamaitic agus go bhfuil tuiscint chruinn acu ar straitéisí na scoile chun déileáil le bulaíocht.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile an-mhaith. Tá na polasaithe riachtanacha i bhfeidhm agus tá siad eagraithe de réir na dtreoirínte éagsúla a foilsíodh. Déantar athbhreithniú rialta ar pholasaithe chun iad a choinneáil in oiriúint do riachtanais na scoile. Tugann an plean scoile treoir chruinn don fhoireann chun leanúnachas a chinntiú thar an gcuraclam. Tá nasc soiléir idir an plean scoile agus pleanáil na noidí. Tá obair mhaith déanta i leith na féinmheastóireachta scoile agus bhain an scoil dea-úsáid as raon fairsing d'fhianaise chun tuairisc agus plean féinmheastóireachta a scríobh.
- Déanann na hoidí cláir fhoghlama a eagrú do gach gné den churaclam sa phleanáil fhadtéarmach chuimsitheach. Tá córas comónta i bhfeidhm sa scoil chun cuntais a choinneáil ar an dul chun cinn agus don phleanáil ghearrthéarmach. Chuirfeadh sé le héifeacht na pleanála seo dá ndéanfaí tagairt níos sainiúla d'idirdhealú agus do mheasúnú inti.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile*.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge go maith. Cuirtear béim inmholta ar fhíorchumarsáid agus ar úsáid na teanga. Baintear dea-úsáid rialta as obair bheirte agus grúpobair tríd an scoil chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí an teanga a úsáid go cumarsáideach. Déantar saibhreas agus cruinneas a chothú go córasach. Cuirtear béim mhaith ar fhoghlaim na filíochta tríd an scoil. Léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe go bhfuil ag éirí go breá leis na daltaí sa léitheoireacht. Tá tús maith déanta ag an bhfoireann ar chlár Céad Céimeanna a dhearadh chun cuidiú leis na daltaí scileanna labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt. Is mór is fiú an obair seo a dhéanamh agus má chuirfear i gcrích é tríd an scoil cuideoidh sé go maith leis na daltaí barr a gcumais a bhaint amach. Chun tógáil ar an obair thairbheach atá déanta, b'fhiú anois béim sa bhreis a leagan ar chumas na ndaltaí abairtí a struchtúrú. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí anailís a dhéanamh ar na botúin is coitianta a dhéanann daltaí agus eiseamláirí teangan a mhúineadh mar fhreagra ar na botúin. Leagann an fhoireann béim fhiúntach ar cur chun cinn próiseas na scríbhneoireachta. Le cur leis an obair b'fhiú leanúint ar aghaidh leis an anailís ar shaothair dhaltaí agus na torthaí a úsáid chun cuspóirí foghlama a chinntiú atá dírithe ar thorthaí sainithe foghlama a bhaint amach. Tá béim inmholta curtha ar an bpeannaireacht a mhúineadh go córasach tríd an scoil. Tá dea-thorthaí na béime seo le sonrú in obair scríofa na ndaltaí, i dtaispeántais ranga agus ina gcuid cóipleabhair ach go háirithe.
- The quality of teaching, learning and pupil achievement in English is good. A systematic programme is in place for the cultivation of pupils' oral language skills and this is effective in developing pupils' vocabulary and their sense of language structure. Lessons are pitched at an appropriately challenging level and pupils engage with enthusiasm. The development of pupils' reading skills is progressing well. A worthwhile emphasis is placed on reading aloud and this is effective in encouraging pupils to read with expression and to monitor how well they are reading. It is particularly commendable that pupils are able to identify and explain the skills they are acquiring. Further attention could usefully be paid to heightening pupils' awareness of how sight words might be categorised according as they are displayed, added to personal dictionaries or included in spelling programmes. A school-wide programme has been put in place to encourage progression in the quality of pupils' writing. This progression is being achieved. Careful attention is paid to monitoring pupils' written work. To optimise the impact of this monitoring and thereby enhance the quality of pupils' writing attainment, it is recommended that the findings of this monitoring be used by teachers when devising short-term planning.
- *Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla go maith. Tá clár córasach ann chun scileanna teanga labhartha na ndaltaí a chothú agus tá sé éifeachtach i leith foclóir na ndaltaí agus a dtuiscint ar struchtúr teanga a fhorbairt. Eagraítear ceachtanna ar leibhéil dúshlánacha oiriúnacha agus glacann na daltaí páirt go fonnmhar iontu. Tá forbairt scileanna léitheoireachta na ndaltaí ag dul chun cinn go maith. Cuirtear béim inmholta ar léitheoireacht os ard agus tá sé seo éifeachtach chun daltaí a spreagadh chun léamh le brí agus chun cabhrú leo a léitheoireacht a mheas. Is inmholta, ach go háirithe, go bhfuil daltaí in ann na scileanna léitheoireachta atá á bhforbairt acu a aithint agus a mhíniú. D'fhéadfaí aird sa bhreis a dhíriú ar thuiscint na ndaltaí a fhorbairt conas amharcfhocail a chur i gcatagóirí de réir mar a gcuirtear ar taispeántais iad, nó iad a chur i bhfoclóirí pearsanta nó i gcláir litrithe. Tá clár curtha i bhfeidhm tríd an scoil chun dul*

chun cinn i gcáilíocht scríbhneoireacht na ndaltaí a éascú. Tá an dul chun cinn seo á bhaint amach. Dirítear aird chúramach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar obair scríofa na ndaltaí. D'fhonn tionchar na monatóireachta seo a ardú agus chun caighdeán scríbhneoireachta na ndaltaí a fheabhsú, moltar go n-úsáidfeadh na hoidí torthaí na monatóireachta seo agus iad ag ceapadh na pleanála gearrthearmaí.

- Tá caighdeán ard ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic. Cuireann na hoidí i ngach rang béim inmholta ar an meabharuimhríocht a mhúineadh. Le linn ceachtanna matamaitice, cuireann na hoidí raon leathan ghníomhaíochtaí foghlama ar fáil do na daltaí. Déantar nasc le heispéaras pearsanta na ndaltaí. Míníonn na múinteoirí coincheapa go soiléir agus baineann siad dea-úsáid as an gclár bán idirghníomhach chun na daltaí a spreagadh chun rannpháirtíochta le linn ceachtanna. Tugtar deiseanna do dhaltaí na coincheapa a iniúchadh trí ábhar coincreiteach a láimhseáil. Múintear straitéisí éifeachtacha do na daltaí chun fadhbanna matamaitice a réiteach agus cuirtear béim inmholta ar straitéisí comhoibritheacha a fhorbairt. Léiríonn na daltaí tuiscint an-mhaith ar an obair atá déanta acu thar na snáitheanna curaclaim uile. Coimeádann na hoidí taifid ar dhul chun cinn na ndaltaí, agus is léir go bhfuil ag éirí go maith leis an gcuid is mór díobh sa Mhatamaitic. Tá freastal maith déanta ar riachtanais éagsúla agus déanann na hoidí tascanna a chur in oiriúint don réimse cumais sna ranganna. Baintear dea-úsáid as chur chuige comhoibritheach chun tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí le deacrachtaí sa Mhatamaitic.
- Tá ardchaighdeán ag baint le cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Stair. Baintear dea-úsáid as an bplean scoile chun clár cuimsitheach a eagrú do dhaltaí i ngach rang. Cuireann an clár staire seo go héifeachtach le cumas na ndaltaí eachtraí tábhachtacha sa saol atá caite acu féin, sa saol atá caite ag a dteaghlai agus ag pobail áitiúla agus eachtraí i startha daoine in Éirinn agus i gcodanna eile den domhan a imscrúdú go criticiúil. Trí gníomhaíochtaí foghlama spreagúla a sholáthar do na daltaí i ngach rang, cuirtear go céimniúil lena gcuid tuisceana ar ghníomhartha, ar chreidimh agus ar inspreagadh daoine san am atá thart. Cuirtear béim inmholta ar dheiseanna rialta a thabhairt do na daltaí a bheith ag obair mar staraithe. Baintear dea-úsáid as áiseanna, amlínte, griangrafanna agus cáipéisí, i ngach rang. Déanann na hoidí an t-ábhar seo a chomhtháthú go héifeachtach le hábhair eile. Is inmholta é an bealach ina ndéanann siad nasc leis an litearthacht le linn ceachtanna staire.
- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí san iomlán le moladh i ngach suíomh foghlama, idir rangsheomraí príomhshrutha agus suíomh thacaíochta. Cothaíonn na hoidí atmaisféar dearfach foghlama agus deimhníonn siad go mbíonn struchtúr cinnte agus leanúnachas i gceachtanna. Tá suim ag na hoidí i mbealaí chun deachleachtas a chothú agus bíonn siad cúramach maidir le hidirghabhálacha oideachais a chuardach agus a fhorbairt. Tá na seomraí ranga eagraithe go maith agus tá taispeántais fhiúntacha, bunaithe ar obair na ndaltaí agus ar an méid atá foghlamtha acu, le sonrú tríd an scoil. Baineann na hoidí úsáid as raon maith d'uirlisí measúnaithe, seicliostaí in ábhair éagsúlá, torthaí trialacha ranga rialta agus trialacha caighdeánaithe san áireamh. Glacann na daltaí páirt go fonnmhar sna gníomhaíochtaí foghlama a eagraítear dóibh agus bíonn deiseanna rialta acu comhoibriú lena chéile chun tascanna foghlama a dhéanamh agus chun fadhbanna a réiteach. Cuirtear béim ar fhéinmheastóireacht ag na daltaí ar a gcuid oibre i dtreo is go mbeidh siad rannpháirteach sa phróiseas measúnaithe.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Déantar soláthar éifeachtach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an teagasc tacaíochta bunaithe ar an gcur chuige céimniúil agus tá sé dírithe ar riachtanais na ndaltaí. Ceapann na hoidí pleananna oideachais aonair agus clár foghlama a chuimsíonn spriocanna foghlama intomhaiste. I ngach suíomh, sonraítear teagasc

cumasach agus raon idirghabhálacha éifeachtacha sa litearthacht agus uimhearthacht in úsáid. Bíonn na ceachtanna eagraithe go breá agus tá cinnteacht le sonrú sa chur chuige a úsáideann na hoidí. Coimeádann na hoidí taifid chuimsitheacha ar dhul chun cinn na ndaltaí agus baineann siad úsáid éifeachtach astu chun éifeacht na gclár teagaisc a mheas go rialta.

- Tá straitéisí agus idirghabhálacha inmholta á n-úsáid chun naisc a chothú idir an scoil agus tuismitheoirí. Tugann beirt chomhordaitheoirí teagmhála baile, scoile agus an phobail tacaíocht do theaglaigh. Eagraíonn siad raon leathan imeachtaí chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i saol na scoile a éascú. Déantar teagmháil rialta le teaghlaigh agus bíonn deiseanna go minic ag tuismitheoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí a eagraítear chun foghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht a chur chun cinn.